

Maigh nEalta

1.0 Comhthéacs agus Saintréithe an tSráidbhaile

Tá Maigh nEalta suite ar an taobh thiar thuaidh de Chontae na Mí, cóngarach don teorainn le Contae an Chabháin ar Bhóthar Réigiúnach R164 a nascann Ceanannas le Dún an Rí. Tá sé 8km ó thuaidh ó Ceanannas. Tá sráidbhaile an Mhullaigh suite ar an taobh thiar de agus Droichead Chearbhalláin suite ar an taobh thoir. Tá Abhainn Mhaigh nEalta taobh leis an imeall thiar theas den sráidbhaile.

Tá iarsmaí stairiúla ann a léiríonn go raibh lonnaíocht i Maigh nEalta ó aimsir na meánaoise ar aghaidh, agus tá caisleán ó aimsir níos déanaí, fothrach séipéil, fothrach muilinn agus cora éisc ó aimsir na 1600idí le fáil ann. Sna 1820idí, áfach, rinne tiarna feabhsúcháin, John Farrell, athdhearadh ar an sráidbhaile, rud is bun le leagan amach an tsráidbhaile mar atá sé sa lá atá inniu ann. Tá príomhshráid fhada ann a bhfuil Séipéal Caitliceach ag ceann amháin de agus Séipéil Eaglais na hÉireann ag an gceann eile agus tá teach agus balla an eastáit, na tithe geata, an tseanscoil agus seanbheairic na constáblachta suite ar an taobh thuaidh den tsráid. Is déanmhais chosanta iad cuid de na foirgnimh sin anois. Comhdhlúthaíodh an sráidbhaile mar gheall ar struchtúir nua inlíonta agus feabhsaíodh an taitneamhacht phoiblí mar gheall ar rochtain ar an abhainn agus ar an ngort buailte a chur ar fáil, rud a éascaíonn féile bhliantúil Galbhualte Mhaigh nEalta ar an taobh thiar theas den sráidbhaile.

Is áit ghleoite í Maigh nEalta agus ba bhuaiteoir iomlán é an sráidbhaile i gComórtas na 'mBailte Slachtmhara' in 2013.

Áit sa Chéimiúlacht lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	116	134	Méadú 15.5% ar dhaonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	20 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	0		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	32		
Áiseanna Oideachais	Scoil Naomh Mhuire atá suite taobh amuigh de theorainn an phlean, ar an taobh thiar thuaidh den bhaile ar Bhóthar Choill an Chollaigh.		
Saoráidí Pobail	An Séipéal Caitliceach Naomh Muire, oifig an phoist, an comhar creidmheasa, halla Mhuintir na Tíre, tailte an Ghalbhualte, an Músaem, cúirt leadóige, agus an tIonad Sláinte agus folláine faoin aer do dhaoine fásta. Tá an reilig Chaitliceach suite taobh amuigh de theorainn an phlean.		
Limistéar Ailtireachta Caomhantais	LCA Shráidbhaile Mhaigh nEalta, Ráiteas Saintréithe déanta.		
Déanmhais Chosanta	Tá 27 déanmhas cosanta suite taobh istigh de theorainn an tsráidbhaile RPS - MH011-200 Caidéal Uisce c1870 RPS - MH011-201 Scoil Náisiúnta 1938 RPS - MH011-202 Clogás 1909 RPS - MH011-203 Geataí / Ráillí c1820 RPS - MH011-204 Séipéal Caitliceach Naomh Muire 1820		

	<p>RPS - MH011-205 Teach Paróiste c1830</p> <p>RPS - MH011-206 Teach Mhaigh nEalta 1825</p> <p>RPS - MH011-207 Geataí / Ráillí Theach Mhaigh nEalta 1825</p> <p>RPS - MH011-208 Cró Theach Mhaigh nEalta</p> <p>RPS - MH011-209 Lóiste geata Theach Mhaigh nEalta c1825</p> <p>RPS - MH011-210 Bosca Teileafóin</p> <p>RPS - MH011-211 Teach (sraithe) 1826</p> <p>RPS - MH011-212 Droichead na hAbhann Rua 1750</p> <p>RPS - MH011-213 Borora Stores (an tseanscoil) 1826</p> <p>RPS - MH011-214 Teach (sraithe) Teach Tábhairne 1825</p> <p>RPS - MH011-215 Leac uaighe na Reilige (Eglais na hÉireann) c1912</p> <p>RPS - MH011-216 Teach (scoite), Siopa (Beairic Chonstáblacht Ríoga na hÉireann) 1830</p> <p>RPS - MH011-217 Reilig (Eglais na hÉireann)</p> <p>RPS - MH011-218 Comhar Creidmheasa Naomh Muire (Seanséipéal Eglais na hÉireann) 1819</p> <p>RPS - MH011-219 Teach (scoite), Teach Tábhairne c1825</p> <p>RPS - MH011-220 Cloch mhíle, c1840</p> <p>RPS - MH011-221 Caidéal uisce c1900</p> <p>RPS - MH011-223 Teach (scoite), Siopa 1826</p> <p>RPS - MH011-224 Caidéal uisce c 1900</p> <p>RPS - MH011-225 An Villa c1860</p> <p>RPS - MH011-226 Teach Leathscoite c1860</p> <p>RPS - MH011-228 Teach Scoite c1860</p> <p>Tá 4 cinn de na nithe seo a leanas ann: Láithreán, gnéithe agus déantáin seandálaíochta laistigh de theorainn an tsráidbhaile liostaithe mar Shéadchomhartha Taifeadta:</p> <p>ME011-014 Caisleán - móta</p> <p>ME011-011 Aicme: Dumha</p> <p>ME011-012 Droichead</p> <p>ME011-013001 Aicme: Reilig</p>
Toilleadh Bonneagair	Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhaigh nEalta - Toilleadh Ar Fáil Ionad Cóireála Fuíolluisce - Toilleadh Ar Fáil
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Níl sé ann. Fágadh na tailte laistigh de limistéar tuilte A & B ar lár má bhí gá ann. Beartais um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar 1 den PFC.
Láithreáin Natura 2000	Ceann ar bith. Sileann Abhainn Mhaigh nEalta atá tríd an tsráidbhaile isteach i LCS an Uisce Dhuibh.
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Tá sé ann agus suite ar an taobh thoir theas den bhaile.

2.0 Fís

Lár tráchtála agus cónaithe an tsráidbhaile a dhaingniú agus a neartú agus forbairt a spreagadh a chuirfidh le carachtar agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile agus a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh ardchaighdeán timpeallachta áille tógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile; freastalófar ar riachtanais mhuintir uile na háite chun a chinntiú go mbeidh an tsráidbhaile ag fás ar bhealach inbhuanaithe agus go mbeidh sí ina háit mhealltach le haghaidh maireachtála, fóillíochta, oibre agus cuairte. Ní spreagfar ach fás cónaitheach nádúrtha/orgánach thar shaolré an Phlean Forbartha i gcomhréir le Croístraitéis an Phlean Forbartha.

3.0 Deiseanna

- Éiríonn an phríomhshráid níos leithne ag an gceann thoir theas den tsráid, áit a bhfuil spás oscailte triantánach ag deireadh na sráide. Éiríonn an tsráid níos cúinge ag an taobh thoir i dtreo an tséipéil Chaitlicigh, agus tá Lóiste Mhaigh nEalta ar an taobh thuaidh agus an abhainn ar an taobh theas nuair atá sí san áit is gaire don Phríomhshráid. Tá balla ard cloiche agus plandaí tiubha timpeall Lóiste Mhaigh nEalta. Is cúng agus caol é leithead an bhóthair sa phársa seo den Phríomhshráid, rud a chuireann leis an bhfionn teachta agus duine ag teacht aniar aduaidh chuig príomhshráid an sráidbhaile. Tá an ríocht phoiblí leagtha amach go maith ach bhainfí tairbhe as feabhsú agus teorannú na limistéar le haghaidh feithiclí agus coisithe ag an taobh thoir theas den sráidbhaile.
- Téann taitneamhacht na habhann chun sochair don sráidbhaile, rud a chuireann taitneamhacht fóillíochta ar fáil atá taobh leis an sráidbhaile agus nasctha leis chomh maith, agus atá taobh leis an ngort agus an músaem galbhualte chomh maith. Tá deis ann leas iomlán a bhaint as na hacmhainní comhshaoil agus turasóireachta sin agus an geilleagar turasóireachta sa sráidbhaile a fheabhsú.

4.0 Straitéis Úsáid Talún

Chun cabhrú leis an bhfís le haghaidh Maigh nEalta a bhaint amach, moltar straitéis sráidbhaile atá comhlánaithe ag na cuspóirí Críosaithe Úsáid Talún le haghaidh an tsráidbhaile. Tá cúpla príomhghné comhlántach leis an Straitéis; méadú líon na gcónaitheoirí i gcroílár an sráidbhaile a spreagadh i gcomhréir le scála an sráidbhaile agus a áit san ordlathas lonnaithe, agus soláthar seirbhísí chun freastal ar an éileamh a bhaineann leis an úsáid atá ann faoi láthair agus leis an úsáid nua i dteannta le cosaint agus feabhsú na ríochta poiblí agus acmhainneacht turasóireachta an sráidbhaile a chur chun cinn ar bhealach a gcosnaíonn carachtar sainiúil an sráidbhaile.

4.1 Lonnaithe agus Tithíocht

Tá teaghaisí éagsúla ón 19ú agus 20ú haois sa bhaile agus ina measc tá teaghaisí móra scoite, Lóiste Mhaigh nEalta, an Teach Paróiste ar an taobh thiar thuaidh agus roinnt tithe feirme ar an taobh thoir theas. Tá roinnt seanlóstí geata leathscoite agus seanteagmhaisí eastáit taobh leis an bpríomhshráid atá ina meascán d'fhoirgnimh chónaithe chomh maith le foirgnimh chónaithe a bhfuil gné bheag tráchtála iontu, agus tá roinnt tithíocht nua inlonta ar an taobh thiar theas den phríomhshráid. Tá scátaí ceantar chónaithe ar a dtugtar St. Mays Villas suite ar an taobh thiar. Tá tuilleadh scátaí tithe suite in aice le páirceanna CLG ar Bhóthar Dhroichead Chearbhalláin, ach tá siad sin taobh amuigh de theorainn an phlean forbartha.

D'fhéadfadh Maigh nEalta forbairt chónaithe de mhéid mheasartha thógáil isteach taobh istigh de theorainn an tsráidbhaile ar tailte inlonta. Ba chóir go mbeadh aon fhorbairt chónaithe nua saindeartha ionas go réiteoidh sí go huile is go hiomlán le comhthéacs an tsráidbhaile mar atá sé faoi láthair trí chaitheamh go hógair le teorainn, tírdhreachú agus creat tógála, ábhair agus dearadh.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Tá Maigh nEalta sonraithe mar ionad miondíola leibhéal 5 i gCéimíúlacht Mhiondíola an Chontae. Tá réimse beag seirbhísí miondíola agus gnó ann agus ina measc tá siopa grósaera, stáisiún peitрил agus siopa, búistéir, gruagaire, caifé agus dhá theach tábhairne chomh maith le húsáidí pobail a bhfuil oifig an phoist agus ionad sláinte ina measc. Cothaíonn an sráidbhaile saol laethúil mhuintir na háite agus mhuintir na cúlchríche tuaithe. Tá go leor talamh críosaithe i lár an tsráidbhaile chun níos mó úsáide tráchtála a bhaint amach aisti más gá.

Is imeacht rathúil seanbhunaithe í an fhéile bhliantúil ghaile agus is ócáid thábhachtach í ar an bhféile turasóireachta. Is díol spéise suntasach do thurasóirí é Músaem Mhaigh nEalta chomh maith. D'fhéadfadh turasóirí a mhealladh i rith na bliana ar fad mar gheall ar an ngalbhuailleadh, an músaem agus luach oidhreachta an tsráidbhaile, rud a d'fhéadfadh cur leis an méid gnólachtaí sa sráidbhaile. Déanann an straitéis seo feabhsú acmhainneacht turasóireachta an tsráidbhaile a chur chun cinn.

Moltar aon úsáidí breise tráchtála nó fiontar a fhorbairt in áit lárnach, rud a chabhróidh le meascán úsáidí atá níos inbhunaithe a bhaint amach sa sráidbhaile agus a chruthóidh áit dheas do chónaitheoirí le haghaidh maireachtála, oibre, fóillíochta agus cuairte.

4.3 Bonneagar

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce Mhaigh nEalta ar an sráidbhaile. Tá sé suite in aice leis an teorainn forbartha ar an taobh theas den sráidbhaile agus d'fhéadfadh tuilleadh forbartha a dhéanamh air amach anseo. Faigheann an sráidbhaile soláthar uisce ón ionad cóireála uisce atá ann faoi láthair agus tá an acmhainneacht aige tuilleadh forbartha a éascú amach anseo.

4.4 Gluaiseacht

Tá na bóithre i Maigh nEalta leagtha amach go simplí. Tá príomhshráid aonair ann agus tá acomhal ag trasbhealach na habhann ar an taobh thoir. Téann an bóthar thiar thuaidh go dtí Dún an Rí agus an bóthar thoir theas go dtí Droichead Chearbhalláin. Tá córas maith cosán ar dhá thaobh den phríomhshráid agus siúlbealach taitneamhachta taobh leis an abhainn. Níl na spásanna páirceála marcáilte go soiléir, áfach, agus tá an spás triantánach ag séipéal Eaglais na hÉireann plódaithe le gluasteáin.

Tá seirbhís bus sceidealta ag Bus Éireann a théann tríd an sráidbhaile agus is tábhachtach an nasc bonneagar é le Baile Átha Cliath, an Uaimh agus Ceanannas.

Sa phlean seo, cuirfear modhanna iompair inbhuanaithe chun cinn amhail siúl agus rothaíocht, trí fhorbairt sráideanna agus spásanna atá nasctha agus tréscailteach agus trí fheabhsú áiseanna le haghaidh coisithe amhail feabhsú pábhála agus soilsiú sráide de réir mar is cuí. Is cuspóir fadtéarmach é cosán a shíneadh go dtí páirc CLG agus d'fhéadfaí é sin a fhorbairt de réir a chéile. Moltar siúlbealach na habhann a shíneadh freisin chun taitneamhachtaí an tsráidbhaile a nascadh le chéile. Beidh comhaontú na bpáirtithe leasmhara ag teastáil chun é sin a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, moltar sa phlean seo dul i gcomhairle leis an Údarás Iompair Náisiúnta maidir le stad bus tiomnaithe agus scáthlán a réitíonn le stádas caomhantais an tsráidbhaile a d'fhéadfaí a chur ar fáil ionas go spreagfar tuilleadh daoine chun úsáid a bhaint as iompar poiblí.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Ainmnítear an sráidbhaile mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA), teideal a léiríonn tábhacht speisialta na hoidhreachta tógtha atá ina sainghné de Mhaigh nEalta. I measc na ngnéithe a chuireann le carachtar speisialta an tsráidbhaile, tá an tírdhreach, na grúpaí crann aibí, baint an tsráidbhaile leis an tuath, an abhainn, an phríomhshráid agus an mothú gur clós atá ann, suíomh spásúil na séipéal, na tithe, na hábhair, léiriú ailtireachta struchtúr agus ábhar úsáide. Ba chóir a bheith an-chúramach i gcás aon tograí sa cheantar seo maidir le carachtar speisialta an tsráidbhaile a chosaint.

4.6 Bonneagar Glas

Tagann an cuid is mó de thréithe agus áilleacht an tsráidbhaile ón tírdhreach mórthimpeall air ina bhfuil meascán de thalamh féaraigh agus goirt churaíochta le ballaí stairiúla cloiche, fála sceaigh néata agus crainn aibí a leanann go dtí an sráidbhaile, rud a chruthaíonn bealaí isteach ar leith don shráidbhaile. Cuireann an tírdhreach laistigh den sráidbhaile leis an suíomh. Tá an sráidbhaile lonnaithe ar bhruach Abhainn Mhaigh nEalta agus suite ag pointe níos airde os cionn na habhann agus comhthreomhar léi chomh maith, rud a chruthaíonn radhairc áille de chroílár stairiúil an tsráidbhaile ar an mbealach isteach theas ó Cheanannas agus ó Dhroichead Mhaigh nEalta atá trasna na habhann. Tá an sráidbhaile suite i dtimpeallacht nádúrtha agus tá sé riachtanach an timpeallacht sin a chosaint chun carachtar na lonnaithe iomláine a chaomhnú. Is radhairc chosanta iad na radhairc i dtreo an tsráidbhaile agus taobh istigh de chomh maith ionas go gcaomhnófar tírdhreach agus carachtar sainiúil an tsráidbhaile.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá na foirgnimh seo a leanas i Maigh nEalta: scoil náisiúnta agus reilig, agus iad araon suite taobh amuigh de theorainn na forbartha, ionad sláinte, séipéal, oifig an phoist, comhar creidmheasa, staisiún na nGardaí, halla Mhuintir na Tíre, halla taispeántais, músaem agus cúirteanna leadóige. Baineann an sráidbhaile tairbhe as taitneamhacht bhruach na habhann agus na habhann féin, áit ar féidir siúlóid fóillíochta a dhéanamh gar do lár an sráidbhaile. Ina theannta sin, tá páirceanna CLG suite ar an taobh thoir theas den sráidbhaile, taobh le Bóthar Dhroichead Chearbhalláin. Bhainfí leas as áit súgartha tiomnaithe do leanaí sa sráidbhaile ionas go mbeadh soláthar cothrom maidir le háiseanna fóillíochta le haghaidh gach aicme cónaitheoirí. Tá dóthain tailte ar fáil le haghaidh méadú úsáidí pobail, go háirithe na tailte atá in aice leis an séipéal Caitliceach, lena n-áirítear an tseanscoil náisiúnta agus na tailte a bhaineann léi.

4.8 Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

Leis an straitéis seo cuirtear chun cinn feabhsú na ngeatabhealaí isteach chuig an sráidbhaile i bhfoirm feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí a chuimsíonn comharthaí/brandáil don sráidbhaile.

Tá croílár an tsráidbhaile sainithe ag an spás líneach i lár an tsráidbhaile. Tá feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí beartaithe chun caighdeán timpeallachta an spáis seo a fheabhsú, le soláthar cosán breise agus feabhsaithe do choisithe, soilse poiblí agus tírdhreachadh a chuimsiú, agus bealaí rothaíochta a chur san áireamh de réir mar is cuí. Is é is cuspóir leis an bPlean ná sráidbhaile atá níos cairdiúla do choisithe a chruthú, rud a spreagfadh níos mó gluaiseachta coisithe agus gluaiseacht shábháilte coisithe ón taobh thoir thuaidh den tsráid go dtí an taobh thiar theas den phríomhshráid agus den limistéar taitneamhachta.

5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha don Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaithe. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartais

Is é beartais na Comhairle é

BEA MHAIGH nEALTA 1

Lár tráchtála agus cónaithe shráidbhaile Mhaigh nEalta a dhaingniú agus a neartú, rud a chuirfidh le carachtar agus struchtúr chroílár an

tsráidbhaile agus a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh oidhreacht álainn thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile, i dteannta le bheith ag freastal ar riachtanais mhuintir uile na háite chun a chinntiú go mbeidh an sráidbhaile ag forbairt ar bhealach inbhuanaithe agus go mbeidh sé ina áit mhealltach le haghaidh maireachtála, oibre, fóillíochta agus cuairte.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUSP MHAIGH nEALTA 1	Forfheidhmiú Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, de réir mar is féidir, trí chinntú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh le haghaidh Maigh nEalta mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUSP MHAIGH nEALTA 2	Forbairt chónaithe a thacú agus a spreagadh ar thailte tearcúsáidte nó ar thailte neamhshealbhaithé, lena n-áirítear láithreáin 'inlfonta' agus 'athfhorbraíochta agus é sin ag brath ar chaighdeán ard dearaidh agus leagan amach a bheith bainte amach.

Geilleagar agus Fostaíocht

CUSP MHAIGH nEALTA 3	Tacú le sainiúlacht turasóireachta an tsráidbhaile a fheabhsú chun Maigh nEalta a nascadh le bailte agus sráidbhailte eile agus tacú le forbairt áiseanna mar fhreagairt ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le miondíol, fiontar, agus cóiríocht cuairteoirí in áiteanna oiriúnacha.
----------------------	---

Bonneagar

CUSP MHAIGH nEALTA 4	Chun dul i gcomhairle le hUisce Éireann agus tacú leis chomh maith maidir le soláthar seirbhísí leordhóthanacha uisce chun freastal ar riachtanais forbartha an tsráidbhaile le linn thréimhse an Phlean.
----------------------	---

Gluaiseacht

CUSP MHAIGH nEALTA 5	Modh níos inbhuanaithe iompair a chur chun cinn, lena n-áirítear cosáin nua, soilsiú poiblí, agus bearta moillithe tráchta a chur ar fáil chun taitneamhachtaí an tsráidbhaile a nascadh.
CUSP MHAIGH nEALTA 6	Feabhsú na nasc coisithe ón bPríomhshráid go dtí Músaem Mhaigh nEalta a chur chun cinn agus iad a nascadh le siúlbealach thaitneamhacht na habhann agus le siúlbealach an ghoirt bhuaile,
CUSPÓIR MHAIGH nEALTA 7	Chun dul i gcomhairle leis an ÚNI maidir le stad bus agus scáthlán tiomnaithe a fháil a réiteoidh le stádas caomhantais an tsráidbhaile agus a spreagfaidh níos mó daoine chun úsáid a bhaint as iompar poiblí.

An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

CUSP MHAIGH nEALTA 8	Athúsáid chuí a chur chun cinn maidir le struchtúir dhíomhaoinne, lena n-áirítear an tSeanscoil Náisiúnta.
CUSP MHAIGH nEALTA 9	A éileamh gur i gcás aon togra forbartha atá taobh istigh den Limistéar Caomhantais Ailtireachta nó in aice leis, go réiteoidh sé le carachtar an limistéir agus go mbeidh an togra deartha mar is cuí maidir le hairde, scála, dlús an láithreáin, leagan amach, ábhair agus bailchríocha agus go mbeidh sé suite agus deartha mar is cuí de réir na comhairle arna tabhairt sa Ráiteas Carachtair um Limistéar Caomhantais Ailtireachta Mhaigh nEalta.
CUSP MHAIGH nEALTA 10	Leanúint de bheith ag obair leis an bpobal chun an bhithéagsúlacht a bhaineann le siúlbealaí líneacha na habhann a fheabhsú agus iad a chomhcheangal leis na siúlbealaí nua atá beartaithe tríd an sráidbhaile.
CUSP MHAIGH nEALTA 11	Na radhairc seo a leanas a chosaint: <ol style="list-style-type: none"> 1. An radharc aneas ar Dhroichead Mhaigh nEalta agus ar Shéipéal Naomh Muire agus ar na suíomhanna ina bhfuil siad mar atá le feiceáil agus tú ag teacht isteach sa sráidbhaile ó Cheanannas. 2. An radharc ar an Abhainn agus ar an bPríomhshráid taobh thall di mar atá le feiceáil ó phointe ardaithe an ghoirt bhuaile. 3. An radharc ar an Abhainn. 4. An radharc ar na ballaí cloiche agus na crainn ar Bhóthar Cheanannas mar atá le feiceáil agus tú ag teacht isteach sa sráidbhaile. 5. An radharc thiar thuaidh ar na ballaí cloiche agus na crainn ar Bhóthar an Mhullaigh mar atá le feiceáil agus tú ag fágáil an tsráidbhaile. 6. An radharc ar Shéipéal Naomh Muire agus ar an suíomh ina bhfuil sé. 7. An radharc thiar thuaidh ar an mballa cloiche agus ar an mbealach isteach chuig an sráidbhaile ó Dhroichead Chearbhalláin.

Sóisialta

CUSP MHAIGH nEALTA 12	Tacú le forbairt agus soláthar áite súgartha do leanaí ar láithreán oiriúnach sa sráidbhaile.
-----------------------	---

Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

CUSP MHAIGH nEALTA 13	Sláine agus taitneamhacht radhairc a chaomhnú maidir leis na geataí isteach don sráidbhaile, suíomh an tsráidbhaile agus na radhairc taobh istigh den sráidbhaile.
CUSP MHAIGH nEALTA 14	Tacú le cearnóg sráidbhaile/spás pobail a fhorbairt ag an mbealach isteach go dtí seanséipéal Eaglais na hÉireann lena n-áireofar limistéir choisithe agus pháirceála atá marcáilte go soiléir soilse poiblí agus tírdhreachú chun cearnóg sráidbhaile d'ardchaighdeán a chruthú a bheidh mar chroílár an tsráidbhaile agus mar áit inar féidir le cónaitheoirí agus cuairteoirí caidreamh a dhéanamh agus am a chaitheamh.
CUSP MHAIGH nEALTA 15	A chinntiú gur i gcás gach forbartha nua go dtabharfar aird ar scála, creat agus carachtar oidhreachta an tsráidbhaile.